Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2025**

**CM 4742/25**

**PROCED**
**PECHE**
**UK**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 2398 |
| Ábhar: | Comhairliúcháin bhliantúla idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach (an 1 Samhain 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026)<br>• Údarú chun an nós imeachta i scríbhinn a úsáid<br>• Údarú maidir le sonraíocht an tseasaimh ón Aontas a fhormheas i mBéarla amháin<br>• Sonraíocht an tseasaimh ón Aontas a fhormheas<br>= TÚS AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN |

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a sheoladh chun sonraíocht an tseasaimh ón Aontas sna comhairliúcháin bhliantúla idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach (an 1 Samhain 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026), mar a leagtar amach in 14260/25 é, a fhormheas.

**<u>Iarrtar oraibh a chur in iúl:</u>**

1. An aontaíonn sibh an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an seasamh ón Aontas, mar a leagtar amach in 14260/25 é, a fhormheas.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

2. An aontaíonn sibh gur i mBéarla amháin a bheidh formheas an tseasaimh ón Aontas, mar a leagtar amach in 14260/25 é.

   **Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

3. An aontaíonn sibh le formheas an tseasaimh ón Aontas, mar a leagtar amach in 14260/25 é.

   **Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna thuas ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoi **14:00 (am na Bruiséile), Déardaoin, an 23 Deireadh Fómhair 2025.**

Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig **LIFE.fisheries@consilium.europa.eu**.

Ár mbuíochas libh as bhur gcomhar.